# Gaelscoil Mhichíl Uí Chíosóg


Eochairfhocail: gaelscoil, ag dearadh, páirc imeartha, fulaingt, eitleog, sos cogaidh

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht, labhairt.

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad a dhear daltaí Ghaelscoil Mhichíl Uí Chíosóg?
2. Cén fáth ar eagraíodh an lá speisialta seo?
3. Céard é an rud nach bhfuil ag na páistí i nGaza, dar le hAoibhínn?
4. Cérbh í an chuid ba spraíúla den lá speisialta seo, dar le Luisne?
5. Cad atá i bhfeidhm i nGaza anois?

Cén contae ina bhfuil Gaelscoil Mhichíl Uí Chíosóg?



Foghlaim TG4

**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat a rá an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach? Breathnaigh ar an bhfíseán arís le cuidiú leat**

1. Rinne daltaí Ghaelscoil Mhichíl Uí Chíosóg liathróidí peile chun aird a tharraingt ar fhulaingt mhuintir Gaza.
2. Bhain daltaí na scoile sárthaitneamh as an lá speisialta seo.
3. Chaith na daltaí cuid den lá ag spraoi ar pháirc imeartha na scoile.
4. Tá an scoil seo suite in Inis, príomhbhaile chontae an Chláir.
5. Tá an-trua go deo ag daltaí Ghaelscoil Mhichíl Uí Chíosóg do pháistí Gaza.
6. Tá an troid fós ar siúl i nGaza anois.

**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat a rá an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach? Breathnaigh ar an bhfíseán arís le cuidiú leat**

- Cad atá ar eolas agaibh faoin gcogadh?
- Cathain a thosaigh an cogadh?
- Cén fáth ar thosaigh an cogadh?
- Cén fáth a bhfuil naimhdeas ann idir an dá ghrúpa daoine?
- Cén áit ar domhan a bhfuil an cogadh seo ar siúl?

# Na Freagraí

1. Eitleoga
2. Chun omós a léiriú do mhuintir Gaza agus chun airgead a bhailiú ar son mhuintir Gaza
3. Guth
4. Ag rith an pháirc ar fad leis na heitleoga, á ndéanamh agus á maisiú chomh maith
5. Sos cogaidh
6. Contae an Chláir

1. Bréagach
2. Fíor
3. Fíor
4. Fíor
5. Fíor
6. Bréagach

